National University of Ireland, Galway
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Modúl Foghlaim Seirbhíse
Innealtóireacht Mheicniúil agus Bhithleighis

. Tá raon modúl foghlaim seirbhíse ar fáil in OÉ Gaillimh trínar féidir le mic léinn tabhairt faoi ghníomhaíocht chreidiúnaithe a bhaineann leis an ábhar staidéir atá roghnaithe acu, mar aon le gníomhaíocht a théann chun tairbhe an phobail.

Comhthéacs Teagaisc

Ábhar	Innealtóireacht Mheicniúil agus Bhithleighis
Rionn	Innealtóireacht Mheicniúil agus Bhithleighis
Rannpháirtithe	Mic léinn 3ú Bliana Innealtóireacht Mheicniúil agus Bhithleighis
Oideolaíocht	Foghlaim seirbhíse / foghlaim pobalbhunaithe
Modh	Comhairliúchán pobail mar aon le tionscadal praiticiúil
Rannpháirtithe	70 mac léinn
Uaireanta	16 Uair Seirbhíse
Creidiúintí	3 ECTS
Bunábhair	Pleananna ceachta ranga
Measúnacht	Cothabháil agus soláthar loga seirbhíse chun machnamh a thionscnamh. Is trí phóstaeir a thaispeáint go poiblí a dhéanfar an mheasúnacht deiridh – measúnacht a thabharfaidh léargas ar na scileanna agus na torthaí a baineadh amach.
Fad	2 sheimeastar
Comhpháirtithe Pobail	Ba cheart go mbeadh mic léinn freagrach as comhpháirtíocht pobail a thionscnamh
Roghnach/ Éigeantach	Éigeantach
Bliain Tosaithe an Mhodúil	2003/2004

Réamhrá

Is é atá mar aidhm le foghlaim seirbhíse misean obair phoiblí an ardoideachais a thabhairt chun beochta agus an tábhacht a bhaineann le freagracht shóisialta agus feasacht phoiblí a thabhairt ar aire do mhic léinn. Uirlis oideolaíoch atá ann a thugann spreagadh do mhic léinn foghlaim agus iniúchadh a dhéanamh ar cheisteanna tábhachtacha a bhaineann leis an tsochaí – laistigh agus lasmuigh den seomra ranga. Foghlaimíonn mic léinn trí rannpháirtíocht ghníomhach sa phobal.

Modúl Foghlaim Seirbhíse in Innealtóireacht Mheicniúil agus Bhithleighis

Áirítear modúl foghlaim seirbhíse mar chuid den Chéim in Innealtóireacht Mheicniúil agus Bhithleighis in OÉ Gaillimh, rud a thugann deis do mhic léinn foghlaim ó thaithí le linn dóibh a bheith i mbun cúrsa acadúil. Dearadh CAIRDE, *Community Awareness Initiatives Responsibility-Directed by Engineers*, mar bhealach le cuidiú le mic léinn riachtanas ina bpobal a aithint agus tionscadal a mbaineann aidhmeanna sonracha leis a shainiú.

Is iad na príomhchuspóirí a bhaineann le foghlaim seirbhíse deiseanna a chruthú chun teoiric agus cleachtas a chomhtháthú agus a nascadh, comhpháirtíochtaí idir an Ollscoil agus an pobal ginearálta a fheabhsú, agus cumas obair phoiblí, acadúil, phearsanta agus ghairmiúil na mac léinn a fheabhsú trí fhoghlaim ó thaithí.

Bonn Acadúil

I rith an mhodúil foghlaim seirbhíse, faigheann mic léinn eolas praiticiúil ina réimse roghnaithe trí pháirt a ghlacadh i seirbhísí a fhreastalaíonn ar riachtanais dháiríre sa phobal. Caitheann mic léinn seimeastar amháin sa tríú bliain ar an modúl seo, agus caitheann siad 16 uair ag obair ar thionscadal dearaidh. Caitear go leor ama i mbun comhairliúcháin lena gcomhpháirtí pobail, i ndiaidh obair phraiticiúil a dhéanamh chun dearadh nó fréamhshamhail a chruthú.

Chomh maith leis sin, teastaíonn, ar a laghad, ceithre huaire le machnamh a dhéanamh ar an taithí agus póstaer teicniúil a chruthú le tabhairt do phobal na hOllscoile. Bíonn na póstaeir ar fáil don phobal go bliantúil agus taispeántar do phiaraí agus do léachtóirí iad.

Measúnacht

Meastar gach tionscadal agus gach póstaer bunaithe ar chritéir bheachta, agus ar staidéar teoiriciúil atá curtha i gcrích ag na mic léinn cheana féin. Gné ríthábhachtach den chlár foghlaim seirbhíse é an próiseas machnamhach ina bhfaigheann na mic léinn deis taifead a choinneáil den obair a dhéanann siad agus an éifeacht a bhíonn ag a rannpháirtíocht sa chúrsa ar a bhforbairt phearsanta.

Tairbhe do Mhic Léinn

Cabhraíonn an modúl seo le léargas a thabhairt do mhic léinn ar an obair a dhéanann innealtóirí i measc an phobail agus tugann sé deis dóibh idirghníomhú le daoine ó chúlraí éagsúla i ról comhairleach. Cabhraíonn sé le mic léinn peirspictíocht dhifriúil a chruthú ar innealtóireacht trí dhéileáil le fadhbréiteach ó thaobh an phobail/an chliaint de.

Trí bheith ag obair leis an bpobal, forbraítear scileanna cumarsáide agus cumas mac léinn dul i gcomhairle le cliaint agus riachtanais chliant a áireamh ina ndearaí. Lena chois sin, taithí luachmhar é póstaeir acadúla a chur i láthair – póstaeir ar a bhfuil cur síos le fáil ar na tionscadail atá curtha i gcrích ag na mic léinn. Ar an iomlán, baineann fiúntas leis an taithí foghlama seo ar CV an mhic léinn.

Ina theannta sin, faigheann mic léinn deis feidhmiú mar chomhaltaí de '*Engineers without Borders*' – eagraíocht a fheidhmíonn mar ghréasán do mhic léinn agus do ghairmithe innealtóireachta ar mian leo caighdeán saoil na bpobal sin atá faoi mhíbhuntáiste ar fud an domhain a fheabhsú trí oideachas agus tionscadail inbhuanaithe innealtóireachta a chur i bhfeidhm.

Tairbhe don Phobal

Baineann tairbhe phraiticiúil leis an modúl foghlaim seirbhíse don phobal. Tá sé ar cheann de na cláir foghlaim seirbhíse is faide ar an bhfód in OÉ Gaillimh, agus cuireann sé ar chumas mac léinn roinnt fadhbanna suntasacha a réiteach do phríomhghrúpaí agus do phríomh-eagraíochtaí.

I measc na réiteach a bhí ann don phobal bhí rampa cathaoir rothaí iniompartha agus éadrom deartha do IHCPT, *the Irish Pilgrimage Trust,* a thugann aire do dhaoine óga a bhfuil riachtanais speisialta acu. Ina theannta sin, tá an '*Topper Off*'r' deartha ag mic léinn, uirlis shimplí a cheadaíonn d'othar stróc nó don té ar baineadh géag leis/léi an barr a bhaint d'ubh chruabhruite gan mórán dua. I measc na n-earraí eile atá deartha tá maide siúil ar féidir é a úsáid chun nithe atá tite ar an urlár a phiocadh suas, fearas chun crúscaí a oscailt, meaisín aclaíochta do dhaoine scothaosta, braiteoir solais dóibh siúd atá faoi lagamhairc agus ardaitheoir cúnta cathaoireach.

Dearcadh Acadúil

Creideann an tOllamh Abhay Pandit, Roinn na hInnealtóireachta Bithleighis, a chuir tús leis an modúl in 2003, gur cheart seirbhís don tsochaí agus laistigh de phobal a áireamh mar chuid de thaithí an mhic léinn. Deir sé go bhfuil "saol faoi phribhléid ag mic léinn, agus mura dtugtar dúshlán don phribhléid sin nílimid ag déanamh mar ba cheart dúinn. Mar Ollscoil, tá dualgas orainn mic léinn a chur ag obair leis an bpobal agus éiteas a chruthú a chuireann le tuiscint a fháil agus tacaíocht a thabhairt don phobal. Trí leas a bhaint as cur chuige difriúil i ndáil le teagasc, féadfaidh mic léinn agus an pobal araon tairbhe a bhaint as an taithí."